

**GA**

**GA**

**GA**



AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséal 11.10.2010  
COIM(2010) 555 leagan deireanach

2008/0242 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

## **RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le bunú ‘EURODAC’ chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Rialachán (CE) Uimh. [.../...] a chur i bhfeidhm go héifeachtach [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát]**

**(Leagan athmhúnlaithé)**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Bunaíodh EURODAC le Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath<sup>1</sup> a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Ghlac an Coimisiún togra athmhúnlaithé d'fhonn an Rialachán seo a leasú i Nollaig 2008<sup>2</sup> (togra dá ngairtear togra Nollaig 2008 anseo feasta).

Ceapadh an togra seo chun tacaíocht níos éifeachtúla a áirithiú do chur i bhfeidhm Rialachán Bhaile Átha Cliath agus chun díriú i gceart ar ábhair inní faoi chosaint sonraí. Rinne sé freisin an creat bainistíochta do Theicneolaíocht Faisnéise (TF) a ailíniú le creat Rialachán SIS II agus VIS trína fhoráil go ngabhfaidh an Gníomhaireacht a bheidh ann le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórsála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais<sup>3</sup>, na cúraimí a bhaineann le bainistiú oibríochtúil EURODAC chuici féin (dá ngairtear Gníomhaireacht TF anseo feasta). Beartaíodh freisin i dtogra Nollaig 2008 an Rialachán Cur Chun Feidhme a aisghairm agus a ábhar a chuimsiú i Rialachán EURODAC. Ar deireadh, tugadh isteach athruithe chun forbairtí san *acquis* tearmainn agus dul chun cinn teicniúil atá déanta ó glacadh an Rialachán in 2000 a chur san áireamh.

Seoladh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an 3 Nollaig 2008. Chuir Parlaimint na hEorpa an togra faoi bhráid a Coiste um Shaoirsí Sibhialta, Cheartas agus Gnothaí Baile. Ag suí di an 7 Bealtaine 2009, ghlac Parlaimint na hEorpa rún reachtach<sup>4</sup> a d'fhormhuinigh thogra an Choimisiúin faoi réir roinnt leasuithe.

Ghlac an Coimisiún togra leasaithe i Meán Fómhair 2009 d'fhonn, ar láimh amháin, rún Pharlaimint na hEorpa agus torthaí na caibidlíochta sa Chomhairle a chur san áireamh agus, ar láimh eile, an fhéidearthacht a thabhairt isteach d'údaráis um fhorghníomhú an dlí sna Ballstáit agus do Europol rochtain a fháil ar bhunachar sonraí láir EURODAC chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú (togra Mheán Fómhair 2009).<sup>5</sup>

Go háirithe, tugadh isteach leis an togra sin clásal '*passerelle*' lena gceadaítear rochtain chun críocha an dlí a fhorghníomhú, chomh maith leis na forálacha is gá a ghabhann leis, agus leasaítear leis togra Nollaig 2008. Cuireadh isteach é ag an am céanna agus a cuireadh isteach an Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle maidir le comparáidí le sonraí EURODAC arna

<sup>1</sup> IO L 62, 5.3.2002, lch 1.

<sup>2</sup> Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Rialachán (CE) Uimh. [.../...] a chur i bhfeidhm go héifeachtach [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó duine gan stát], COIM(2008)825 leagan deireanach.

<sup>3</sup> Glacadh an togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Gníomhaireacht le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórsála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais [COIM (2009) 293 leagan deireanach] an 24 Meitheamh 2009. Glacadh togra leasaithe an 19 Márta 2010: Togra leasaithe le haghaidh Rialachán (AE) Uimh. .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht a bhunú le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórsála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, COIM(2010)93.

<sup>4</sup> Bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid (athmhúnlaithé), P6\_TA(2009)0378.

<sup>5</sup> D'éiligh Conclúidí na Comhairle an 12 agus an 13 Meitheamh 2007 togra dá leithéid maidir le rochtain ar Eurodac ag póilíní agus údaráis um fhorghníomhú dlí na mBallstát mar aon le Europol.

n-iarraidh ag údaráis um fhorghníomhú an dlí sna Ballstáit agus ag Europol chun críocha an dlí a fhorghníomhú<sup>6</sup> (dá ngairtear anseo feasta: an Cinneadh ón gComhairle), ina gcuirtear síos go mion ar na modhanna beachta a bhaineann le rochtain den chineál sin.

Níor eisigh Parlaimint na hEorpa rún reachtach ar thograí Mheán Fómhair 2009.

Le teacht i bhfeidhm an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus le díothú an chórais colún, chuaigh an togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle i léig. De réir na Teachtaireachta ar iarmhairtí theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin ó thaobh na nósanna imeachta cinnteoireachta idirinstiúideacha leanúnacha de,<sup>7</sup> tharraingeofaí siar go foirmiúil an togra sin agus chuirfí togra nua ina ionad chun creat nua an CFAE a chur san áireamh.

D'fhonn dul chun cinn a dhéanamh sna hidirbheartaíochtaí ar an bpacáiste tearmainn agus d'fhonn cur i gcrích comhaontaithe ar Rialachán EURODAC a éascú, áfach, measann an Coimisiún go bhfuil sé níos iomchuí ag an bpointe seo, na forálacha sin a dhéanann tagairt don rochtain chun críocha an dlí a fhorghníomhú a bhaint amach ó Rialachán EURODAC.

Trí ghlacadh níos tapúla Rialachán nua EURODAC a éascú ar an mbealach sin, measann an Coimisiún go n-éascófar freisin bunú tráthúil na Gníomhaireachta le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórsála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, ós rud é go bhfuil sé beartaithe an Ghníomhaireacht sin a bheith freagrach as bainistiú EURODAC freisin.

## **2. TORTHAÍ COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE IARMHARTA**

Cé go dtugtar isteach leis an togra leasaithe seo dhá fhoráil theicniúla,<sup>8</sup> is é an príomhchuspóir atá aige an togra roimhe seo (i.e. an togra ó Mheán Fómhair 2009) a leasú tríd an rogha maidir le rochtain chun críocha an dlí a fhorghníomhú a scriosadh. Dá bhrí sin, níor tugadh faoi chomhairliúchán nua ná ní dheanadh measúnú iarmharta nua don togra seo. Mar sin féin, tá an Measúnú Iarmharta ó 2008<sup>9</sup> fós bailí.

## **3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN TOGRA**

Leasaítear leis an togra seo an Togra leasaithe le haghaidh Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Rialachán (CE) Uimh. [.../...] a chur i bhfeidhm go héifeachtach [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát] - COIM(2009) 342.

Úsáidtear mar bhunús dlí an togra leasaithe seo Airteagal 78(2)(e) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, arb é an tAirteagal sa Chonradh sin a chomhfhreagraíonn do

---

<sup>6</sup> COIM(2009) 344.

<sup>7</sup> COIM(2009) 665 leagan críochnaitheach/2.

<sup>8</sup> Foráil amháin chun comhleanúnachas le Rialachán Bhaile Átha Cliath a áirithiú agus foráil eile chun soiléiriú a dhéanamh ar an ngá do shaineolaí mhéarloirg an córas uathoibríthe amais a fhíorú.

<sup>9</sup> SEC(2998) 2981.

bhunús dlí an bhuntogra (Airteagal 63(1)(a) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh).

Níl Teideal V den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe ná le hÉirinn, mura gcinneann an dá thír sin a mhalairt, i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach sa Phrótacal ar sheasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an CFAE.

Tá an Ríocht Aontaithe agus Éire faoi cheangal ag Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 ón gComhairle i ndiaidh an fógra a thug siad go raibh siad ag iarraidh a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin sin bunaithe ar an bPrótacal thuasluaite. Níl aon tionchar ag seasamh na mBallstát sin maidir leis an Rialachán atá ann faoi láthair ar a rannpháirtíocht fhéideartha amach anseo maidir leis an Rialachán leasaithe.

Faoin bPrótacal ar sheasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na mbeart de bhun Theideal V den CFAE ag an gComhairle (cé is móite de "beartha ag cinneadh na dtríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosa a bheith ina seilbh acu nuair a bheidh teorainneacha seachtracha na mBallstát á dtrasnú acu, ná ar bhearta maidir le formáid chomhionann do víosaí"). Dá bhrí sin, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoina ceangal ná faoi réir ag a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, ós rud é go gcuireann an Danmhairg Rialachán reatha Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm, tar éis comhaontaithe idirnáisiúnta<sup>10</sup> a chuir sí i gcrích leis an CE in 2006, tabharfaidh sí, i gcomhréir le hAirteagal 3 den chomhaontú sin, fógra don Choimisiún faoina cinneadh cibé acu a chuirfidh sí ábhar an Rialacháin leasaithe i bhfeidhm nó nach gcuirfidh.

Is iad seo a leanas leasaithe an togra seo.

Scríostar Airteagail 2(1)c(iv), 5(f)-(j) agus 21(2), toisc gur tugadh isteach iad chun go mbeidís ag gabháil leis an gclásal '*passerelle*' lena gceadaítear rochtain chun críocha an dlí a fhorghníomhú.

Scríostar tagairtí do rochtain chun críocha an dlí a fhorghníomhú sa dara fleasc d'Airteagal 18(4) agus in Airteagal 24(1)(b).

Scríostar an clásal '*passerelle*' lena gceadaítear rochtain chun críocha an dlí a fhorghníomhú in Airteagal 3.

Déantar soiléiriú in Airteagal 18(4) ar an ngá atá leis an saineolaí méarloirg seiceáil a dhéanamh ar amas uathoibríthe.

Cuirtear isteach forálacha iomchuí in Airteagal 24(1) d'fhonn a cheadú don choiste faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath, faisnéis ar EURODAC a áireamh sa bhileog eolais atá le hullmhú faoi Airteagal 4(3).

---

<sup>10</sup> Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Danmhairge maidir leis na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann arna thaisceadh sa Danmhairg nó in aon Bhallstát eile den Aontas Eorpach a scrúdú agus 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm go héifeachtach, (IO L 66, 8.3.2006).

#### 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Tá sábháil thábhachtach ar an bpleanáil bhuiséadach i gceist leis an togra seo i gcomparáid leis an togra roimhe seo [COIM(2009) 344] a rinne foráil don fhéidearthacht comparáidí a dhéanamh chun críocha an dlí a fhorghníomhú.

Coinnítear sa togra seo na heilimintí ó thogra 2009 a bhaineann le feabhsuithe ar an gcóras maidir leis na feidhmiúlachtaí nua dírithe ar thearmann i ndáil le faisnéis faoi stádas an duine is ábhar do na sonraí (ar thorthaí iad ar idirbheartaíochtaí sa Chomhairle) agus, ag an am céanna, scriostar feidhmiúlacht na gcuardach a bhaineann le forghníomhú an dlí. Léirítear an t-athrú sin sa ráiteas airgeadais a ghabhann leis an togra seo.

Ar áireamh sa mheastachán costas EUR 203,000 tá seirbhísí a bhaineann le teicneolaíocht na faisnéise, bogearraí agus crua earraí, agus chumhdófaí leis na hoiriúnaithe a bheadh ag teastáil do chóras lárnach EURODAC.

#### 5. IARMHAIRT AN TOGRA AR BHALLSTÁIT NACH BHFUIL SAN AE ACH A bhFUIL CEANGAL ACU LE CÓRAS BHAILE ÁTHA CLIATH

I gcomhthreo le comhlachú roinnt Ballstát nach bhfuil san AE le *acquis* Schengen, chuir an Comhphobal roinnt comhaontuithe i gcrích, nó tá sé ar tí sin a dhéanamh, comhaontuithe a dhéanann na tíortha sin a chomhlachú freisin le *acquis* Bhaile Átha Cliath/EURODAC:

- an comhaontú a rinne an Íoslainn agus an Iorua a chomhlachú, a tugadh chun críche in 2001<sup>11</sup>;
- an comhaontú a rinne an Eilvéis a chomhlachú, a tugadh chun críche an 28 Feabhra 2008<sup>12</sup>;
- an prótacal lena gcomhlachaítear Lichtinstéin agus a síníodh an 28 Feabhra 2008<sup>13</sup>.

D'fhonn cearta agus oibleagáidí a chruthú idir an Danmhairg – atá ceangailte le *acquis* Bhaile Átha Cliath/EURODAC trí chomhaontú idirnáisiúnta, mar a míníodh thuas – agus na tíortha comhlachaithe atá luaite thuas, tugadh dhá ionstraim eile chun críche idir an Comhphobal agus na tíortha comhlachaithe<sup>14</sup>.

<sup>11</sup> Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir leis na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann a scrúdú arna thaisceadh i mBallstát nó san Íoslainn nó san Iorua, (IO L 93, 3.4.2001, lch 40).

<sup>12</sup> Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann a scrúdú arna thaisceadh i mBallstát nó san Eilvéis, (IO L 53, 27.2.2008, lch 5).

<sup>13</sup> Prótacal idir an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le haontachas Lichtinstéin sa Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus an Eilvéis maidir leis na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann a scrúdú arna thaisceadh i mBallstát nó san Eilvéis, (COIM (2006)754, conclúid ar feitheamh).

<sup>14</sup> Prótacal idir an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann a scrúdú arna thaisceadh i mBallstát nó san Eilvéis (2006/0257 CNS, arna chur i gcrích an 24.10.2008, foilsíú san IO ar feitheamh) agus Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal, Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir leis na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann a scrúdú arna thaisceadh i mBallstát, san Íoslainn nó san Iorua (IO L 93, 3.4.2001).

I gcomhréir leis na dtrí chomhaontú thuasluaite, glacfaidh na tíortha comhlachaithe le *acquis* Bhaile Átha Cliath/EURODAC agus lena fhorbairt gan aon eisceacht. Níl siad páirteach i nglacadh aon achta ag leasú nó ag tógáil ar *acquis* Bhaile Átha Cliath (lena n-áirítear mar sin an togra seo) ach caithfidh siad fógra a thabhairt don Choimisiún laistigh d'fhráma ama a bheidh tugtha maidir lena gcinneadh cibé acu a ghlacfaidh siad le hábhar an achta sin nó nach nglacfaidh, a luaithe a fhorghlacadh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa é. I gcás nach nglacfaidh an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis ná Lichtinstéin le hacht lena leasaítear nó lena bhforbraítear *acquis* Bhaile Átha Cliath/EURODAC, cuirfear an clásal 'gilitín' i bhfeidhm agus déanfar foirceannadh ar na comhaontuithe faoi seach, mura gcinneann an Comhchoiste/Coiste Measctha arna bhunú ag na comhaontuithe a mhalairt d'aontoil.

Togra leasaithe le haghaidh

## RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le bunú Eurodac chun méarloirg a chur i gcomparáid chun ~~the Dublin Convention~~  Rialachán (CE) Uimh. [...] a chur i bhfeidhm go héifeachtach [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát]

### TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ~~ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh~~, agus go háirithe d'Airteagal 78 pointe (2)(e) ~~63 pointe (1)(a)~~ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún<sup>15</sup>,

~~Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa~~<sup>16</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 294 den Chonradh<sup>17</sup>,

De bharr an méid seo a leanas:

↓ nua

(1) Táthar chun roinnt athruithe substaintiúla a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 ón gComhairle an 11 Nollaig 2000 maidir le 'Eurodac' a bhunú chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath<sup>18</sup> a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus Rialachán (CE) Uimh. 407/2002 ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 lena leagtar síos rialacha áirithe chun Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 a chur chun feidhme maidir le 'Eurodac' a bhunú chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath<sup>19</sup> a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart na Rialacháin sin a athmhúnlú.

<sup>15</sup> COIM(2010) XXX.

<sup>16</sup> ~~IO C 189, 7.7.2000, lch. 105 agus lch. 227 agus ... an 21 Meán Fómhair 2000 (nach bhfuil foilsithe fós san Iris Oifigiúil).~~

<sup>17</sup> IO C [...], [...], p. [...].

<sup>18</sup> IO L 316, 15.12.2000, lch. 1.

<sup>19</sup> IO L 62, 5.3.2002, lch. 1.

---

↓ 2725/2000/CE aithris 1

~~(1) Member States have ratified the Geneva Convention of 28 July 1951, as amended by the New York Protocol of 31 January 1967, relating to the Status of Refugees.~~

---

↓ 2725/2000/CE aithris 2  
(oiriúnaithe)

~~(2) Member States have concluded the Convention determining the State responsible for examining applications for asylum lodged in one of the Member States of the European Communities, signed in Dublin on 15 June 1990 (hereinafter referred to as "the Dublin Convention").~~

---

↓ nua

(2) Tá comhbhearta tearmainn, lena n-áirítear comhchóras Eorpach tearmainn, ina chuid de chuspóir an Aontais Eorpaigh chun réimse saoirse, slándála agus ceartais a bhunú de réir a chéile a bheadh ar oscailt dóibh sin, nach bhfuil aon rogha eile acu, a fhéachann le cosaint idirnáisiúnta a fháil go dlisteanach san Aontas.

(3) Ghlac an Chomhairle Eorpach a bhí ann an 4 Samhain 2004 Clár na Háige ina bhfuil leagtha síos na cuspóirí atá le cur chun feidhme i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais le linn na tréimhse 2005-2010. D'iarr an Comhaontú Eorpach um Inimirce agus Tearmann, a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an 15-16 Deireadh Fómhair 2008, go gcuirfí bunú Comhchórais Eorpaigh Tearmainn i gcrích trí nós imeachta amháin i leith tearmainn a chruthú ina mbeadh ráthaíochtaí comhchoiteanna agus stádas aonfhoirmeach le haghaidh dídeanaithe agus tairbhíthe cosanta coimhdí.

(4) I gClár na Háige, iarradh go mbeadh feabhas ar rochtain ar na córais um chomhdú sonraí de chuid an Aontais Eorpaigh atá ann cheana.

---

↓ 2725/2000/CE aithris 3  
(oiriúnaithe)  
⇒ nua

(5) Chun críocha chur i bhfeidhm ~~the Dublin Convention~~ ☒ Rialachán (CE) Uimh. [.../...] ón gComhairle [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát]<sup>20</sup>, ☒ tá sé riachtanach céannacht a shuíomh i gcás iarratasóirí ar ~~asylum~~ ⇒ chosaint idirnáisiúnta ⇐ agus daoine a gabhadh maidir le teorainneacha seachtracha den Chomhphobal a thrasnú go neamhdhleathach. Tá sé inmhianaithe freisin, d'fhonn

---

<sup>20</sup> COIM(2008) XXX.

~~Dublin Convention~~ ☒ Rialachán (CE) Uimh. [.../...] ón gComhairle [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát] ☒ a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus go háirithe pointí ~~(c) and (e)~~ (b) agus (d) d'Airteagal ~~10(1)~~18(1) de, cead a thabhairt do gach Ballstát seiceáil cibé an ndearna ~~an alien~~ ☒ náisiúnach tríú tír nó duine gan stát ☒ a fuarthas i láthair go neamhdhleathach ar a chuid críocha iarratas ar ~~asylum~~ ⇒ chosaint idirnáisiúnta ⇐ i mBallstát eile nó nach ndearna.

↓ 2725/2000/CE aithris 4

- (6) Cuimsíonn méarloirg gné thábhachtach lena ndéantar céannacht bheacht daoine den sórt sin a shuíomh. Is gá córas a bhunú chun a gcuid sonraí méarloirg a chur i gcomparáid le chéile.

↓ 2725/2000/CE aithris 5  
(oiriúnaithe)  
⇒ nua

- (7) Chuige sin, ní mór córas a bhunú ar a dtabharfar "~~Eurodac~~EURODAC", ina mbeidh ~~Unit~~ ⇒ Lárchóras ⇐, ~~to be established within the Commission and~~ a fheidhmeoidh bunachar sonraí láir de shonraí méarloirg ar ríomhaire, chomh maith le bealach tarchurtha leictreonaigh idir na Ballstáit agus an ~~central database~~ ⇒ Lárchóras ⇐.

↓ nua

- (8) D'fhonn cóir chomhionann a áirithiú dóibh siúd ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta iad agus ar tairbhíthe de chuid na cosanta sin iad, agus d'fhonn comhsheasmhacht le *acquis* reatha an AE maidir le tearmann a áirithiú, go háirithe comhsheasmhacht le Treoir 2004/83/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le caighdeán íosta do cháiliú agus do stádas náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar dhídeanaithe nó mar dhaoine a mbeadh cosaint idirnáisiúnta ar dhóigh eile de dhíth orthu maidir le hinneachar na cosanta a thugtar agus le Rialachán (CE) Uimh. [.../...] [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát], is iomchuí raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú d'fhonn iarratasóirí ar chosaint choimhdeach agus daoine atá faoi chosaint choimhdeach a fholú.

↓ 2725/2000/CE aithris 6  
(oiriúnaithe)  
⇒ nua

- (9) Is gá freisin a cheangal ar na Ballstáit go dtógfaidh siad agus ⇒ go dtarchuirfidh siad ⇐ go pras ⇒ sonraí ⇐ méarloirg gach iarratasóra ar ~~asylum~~ ⇒ chosaint

idírnáisiúnta ⇐ agus gach alien ☒ náisiúnaigh tríú tír nó duine gan stát ☒ a ghabhtar agus iad ag trasnú teorainn sheachtrach de chuid Ballstáit go mírialta, má tá siad ar a laghad 14 bliana d'aois.

↓ 2725/2000/CE aithris 7  
(oiriúnaithe)  
⇒ nua

- (10) Is gá rialacha beachta a leagan síos a bhaineann le tarchur sonraí méarloirg den sórt sin chuig an Unit ⇐ Lárchóras ⇐, le sonraí méarloirg den sórt sin agus sonraí ábhartha eile sa Unit ⇐ Lárchóras ⇐ a thaifeadadh, lena gcuid stórála, le comparáid a dhéanamh idir iad agus sonraí méarloirg eile, le torthaí comparáide den sórt sin a tharchur agus leis na sonraí taifeadta blocking ⇒ a mharcáil ⇐ agus a scriosadh. D'fhéadfadh rialacha den sórt sin a bheith difriúil i gcás ina bhfuil catagóirí difriúla aliens ☒ náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát i gceist ☒, agus ba cheart sa chás sin iad a chur in oiriúint go sonrath dóbh.

↓ nua

- (11) Ba cheart do shaineolaí méarloirg na hamais a fhaightear ó EURODAC a fhíorú d'fhonn cinneadh cruinn maidir le freagracht a áirithiú faoi Rialachán (CE) Uimh. [.../...] [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idírnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát].

↓ 2725/2000/CE aithris 8  
(oiriúnaithe)  
⇒ nua

- (12) D'fhéadfadh sé go mbeadh an rogha ag Aliens ☒ náisiúnaigh tríú tír nó ag daoine gan stát ☒ a d'iarr asylum ⇒ cosaint idírnáisiúnta ⇐ i mBallstát amháin asylum ⇒ cosaint idírnáisiúnta ⇐ a iarraidh i mBallstát eile ar feadh blianta fada ina dhiaidh sin. Mar sin, ba cheart go mbeadh achar fada i gceist leis an uastréimhse inar cheart don Unit ⇐ Lárchóras ⇐ sonraí méarloirg a choinneáil. Ag glacadh leis go mbeidh stádas lonnaithe nó fiú amháin saoránacht Ballstáit bainte amach ag formhór na aliens ☒ náisiúnach tríú tír nó na ndaoine gan stát ☒ a d'fhan san ☒ Aontas Eorpach ☒ ar feadh cúpla bliain i ndiaidh na tréimhse sin, ba cheart go ndéanfaí tréimhse deich mbliana a mheas mar thréimhse réasúnta chun sonraí méarloirg a chaomhnú.

↓ 2725/2000/CE aithris 9  
(oiriúnaithe)

- (13) Ba cheart go mbeadh an tréimhse chaomhnaithe níos giorra i gcásanna speisialta áirithe áit nach bhfuil aon ghá sonraí méarloirg a choinneáil chomh fada sin. Ba cheart

sonraí méarloirg a scriosadh chomh luath is a bhaineann ~~aliens~~ ☒ náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát ☒ saoránacht Ballstáit amach.

---

↓ nua

(14) Is iomchuí na sonraí a bhaineann leis na daoine sin ar taifeadadh a méarloirg i dtús báire in EURODAC nuair a thaisc siad iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, agus dár deonaíodh cosaint idirnáisiúnta i mBallstát d'fhonn na sonraí sin a chur i gcomparáid leis na sonraí a thairfeadtar nuair a thaisctear iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, a stóráil.

(15) Ag leanúint as measúnú iarmharta ina ndearnadh anailís shubstaintiúil ar na malairtí roghanna atá ann ó thaobh airgeadais, oibríochta agus eagrúcháin de, ba cheart foráil a dhéanamh do bhunú Údaráis Bhainistíochta a bheidh freagrach as bainistíocht oibríochtúil EURODAC. Go dtí sin, ba cheart don Choimisiún bheith freagrach as bainistíocht an Lárchórais agus as an mBonneagar Cumarsáide.

---

↓ 2725/2000/CE aithris 10  
(oiriúnaithe)  
⇒ nua

(16) Is gá freagrachtaí faoi seach an Choimisiúin ⇒ agus an Údaráis Bhainistíochta ⇐ maidir leis an ~~Unit~~ ⇒ Lárchórais ⇐ ⇒ agus leis an mBonneagar Cumarsáide ⇐, a leagan síos go soiléir chomh maith le freagrachtaí na mBallstát maidir le próiseáil sonraí, slándáil sonraí, rochtain ar shonraí taifeadta, agus sonraí taifeadta a cheartú.

---

↓ 2725/2000/CE aithris 11

(17) Cé go mbeidh smacht ag forálacha ábhartha an Chonartha ar dhliteanas neamhchonarthach an Choimisiúin i dtaca le feidhmiú chóras ~~Eurodac~~ EURODAC, is gá rialacha sonracha a leagan síos do dhliteanas neamhchonarthach na mBallstát i dtaca le feidhmiú an chórais.

---

↓ 2725/2000/CE aithris 12

(18) I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh, ní féidir le Ballstáit cuspóir na mbeart atá beartaithe a bhaint amach, eadhon córas a chruthú ~~within the Commission~~ chun comparáid a dhéanamh idir sonraí méarloirg chun cuidiú le cur chun feidhme bheartas tearmainn an Chomhphobail, mar gheall ar nádúr na mbeart sin agus mar sin is fearr a bhainfidh an Comhphobal na cuspóirí sin amach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

---

↓ 2725/2000/CE aithris 15  
(oiriúnaithe)

- (19) Beidh feidhm ag Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin<sup>21</sup> ó thaobh sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag na Ballstáit  agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm  ~~within the framework of the Eurodac system.~~

---

↓ 2725/2000/CE aithris 16

- ~~(16) By virtue of Article 286 of the Treaty, Directive 95/46/EC also applies to Community institutions and bodies. Since the Central Unit will be established within the Commission, that Directive will apply to the processing of personal data by that Unit.~~

---

↓ 2725/2000/CE aithris 17

- (20) A fhad a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil, ba cheart go soiléireofaí nó go bhforlíoífaí na prionsabail sin atá leagtha amach i dTreoir 95/46/CE maidir le cosaint ceart agus saoirse daoine aonair, go mór mór an ceart chun príobháideachais, go háirithe i gcás earnálacha áirithe.

---

↓ nua

- (21) Tá feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin<sup>22</sup> ó thaobh próiseála sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm. Ba cheart pointí áirithe a shoiléiriú, áfach, maidir leis an bhfreagracht as próiseáil na sonraí agus as maoirseacht ar chosaint sonraí.

- (22) Is iomchuí go ndéanfaidh údarais mhaoirseachta náisiúnta monatóireacht ar dhlíthiúlacht phróiseáil na mBallstát ar shonraí pearsanta, agus ba cheart go ndéanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, dá dtagraítear in Airteagal 41 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001, monatóireacht ar ghníomhaíochtaí institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm.

---

<sup>21</sup> IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

<sup>22</sup> IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.

---

↓ 2725/2000/CE aithris 18  
⇒ nua

- (23) Is iomchuí monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht ~~Eurodac~~EURODAC ⇒ go tráthrialta ⇐.
- 

↓ 2725/2000/CE aithris 19  
(oiriúnaithe)  
⇒ nua

- (24) Ba cheart go ndéanadh na Ballstáit foráil do chóras pionós atá  éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach  agus a chuirfí i bhfeidhm i gcás na sonraí a  iontráiltear  sa ~~central database~~ ⇒ Lárchóras ⇐ a bheith próiseáilte ar bhealach atá i gcoinne chuspóir ~~Eurodac~~EURODAC.
- 

↓ nua

- (25) Ní mór do na Ballstáit a bheith ar an eolas faoin stádas atá ag nósanna imeachta tearmainn áirithe, d'fhonn cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. [...] [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát] a éascú go leordhóthanach.
- (26) Urramaítear sa Rialachán seo na cearta bunúsacha agus cloítear ann leis na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go háirithe agus ní mór é a chur i bhfeidhm dá réir. Urramaítear sa Rialachán seo go hiomlán ceart an duine maidir le cosaint a shonraí pearsanta agus an ceart chun tearmainn.
- 

↓ 2725/2000/CE aithris 22  
(oiriúnaithe)

- (27) Is iomchuí raon feidhme críche an Rialacháin seo a theorannú ionas go luífidh sé le raon feidhme críche ~~the Dublin Convention~~  Rialachán (CE) Uimh. [...] [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát] .

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I

# FORÁLACHA GINEARÁLTA

### *Airteagal 1*

#### *Cuspóir "~~Eurodac~~EURODAC"*

1. Bunaítear leis seo córas ar a dtabharfar ~~Eurodac~~EURODAC a mbeidh sé mar chuspóir aige a bheith ina chúnaimh nuair a chinnfear an Ballstát atá freagrach, de bhun ~~the Dublin Convention~~  Rialachán (CE) Uimh. [.../...] [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát]  as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar ~~asylum~~  chosaint idirnáisiúnta  arna thaisceadh i mBallstát  ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát  agus, chomh maith leis sin, cur i bhfeidhm ~~Convention~~  Rialachán  Bhaile Átha Cliath a éascú faoi na coinníollacha arna leagan amach sa Rialachán seo.
- ~~2. Eurodac shall consist of:~~
  - ~~(a) the Central Unit referred to in Article 3;~~
  - ~~(b) a computerised central database in which the data referred to in Article 5(1), Article 8(2) and Article 11(2) are processed for the purpose of comparing the fingerprint data of applicants for asylum and of the categories of aliens referred to in Article 8(1) and Article 11(1);~~
  - ~~(c) means of data transmission between the Member States and the central database.~~
- ~~3.2.~~ Gan dochar do phróiseáil sonraí atá beartaithe do ~~Eurodac~~EURODAC ag an mBallstát tionscnaimh i mbunú bunachar sonraí faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin, ní fhéadfar sonraí méarloirg agus sonraí pearsanta eile a phróiseáil in ~~Eurodac~~EURODAC ach amháin chun na críocha atá leagtha amach in Airteagal ~~15(1)~~32(1) de ~~Convention~~  Rialachán  Bhaile Átha Cliath.

## Airteagal 2

### Sainmhínte

#### 1. Chun críocha an Rialacháin seo:

- (a) ciallaíonn "~~Convention~~ ☒ Rialachán ☒ Bhaile Átha Cliath" ~~Convention determining the State responsible for examining applications for asylum lodged in one of the Member States of the European Communities, signed at Dublin on 15 June 1990~~ ☒ Rialachán (CE) Uimh. [.../...] [lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stat] ☒;
- (b) ciallaíonn "iarratasóir ar ~~asylum~~ ⇒ chosaint idirnáisiúnta ⇐" ~~alien~~ ☒ náisiúnach tríú tír nó duine gan stát ☒ a rinne iarratas ar ~~asylum or on whose behalf such an application has been made~~ ⇒ chosaint idirnáisiúnta arna sainmhíniú in Airteagal 2(g) de Threoir 2004/83/CE ón gComhairle agus nach bhfuil cinneadh deiridh déanta ina leith go fóill ⇐ ;
- (c) ciallaíonn "Ballstát tionscnaimh":
- (i) maidir le ~~an applicant for asylum~~ ☒ duine arna chlúdach ag Airteagal 6, ☒ an Ballstát a tharchuireann na sonraí pearsanta chuig an ~~unit~~ ⇒ Lárchóras ⇐ agus a fhaigheann torthaí na comparáide;
- (ii) maidir le duine arna chlúdach ag Airteagal ~~811~~, an Ballstát a tharchuireann na sonraí pearsanta chuig an ~~unit~~ ⇒ Lárchóras ⇐ ;
- (iii) maidir le duine arna chlúdach ag Airteagal ~~114~~, an Ballstát a tharchuireann sonraí den sórt sin chuig an ~~unit~~ ⇒ Lárchóras ⇐ agus a fhaigheann torthaí na comparáide;

↓ 2725/2000/CE (oiriúnaithe)  
⇒ nua

- (d) ciallaíonn "~~refugee~~" ⇒ "duine ar deonáíodh cosaint idirnáisiúnta air" ⇐ ☒ náisiúnach tríú tír nó duine gan stát ☒ ~~who has been~~ atá aitheanta mar ~~a refugee in accordance with the Geneva Convention on Refugees of 28 July 1951, as amended by the New York Protocol of 31 January 1967~~ dhuine atá ⇒ i dteideal cosanta idirnáisiúnta arna sainmhíniú in Airteagal 2(a) de Threoir 2004/83/CE ón gComhairle⇐;
- (e) ciallóidh "amas" meitseáil nó meitseálacha a fhaigheann an ~~Unit~~ ⇒ Lárchóras ⇐ trí chomparáid a dhéanamh idir sonraí méarloirg arna dtairfeadh sa ~~database~~ ☒ bhunachar sonraí láir ☒ agus iad sin arna dtarchur ag Ballstát maidir le duine, gan dochar don cheanglas go seiceálfaidh Ballstáit láithreach torthaí na comparáide de bhun Airteagal ~~4(6)~~18(4).

---

↓ 2725/2000/CE (oiriúnaithe)

2. Beidh an chiall chéanna ag na téarmaí arna sainmhíniú in Airteagal 2 de Threoir 95/46/CE sa Rialachán seo.
3. Mura luaitear a mhalairt, beidh an chiall chéanna ag na téarmaí arna sainmhíniú in Airteagal ~~1~~ 2 de ~~Convention~~  Rialachán  Bhaile Átha Cliath sa Rialachán seo.

---

↓ 2725/2000/CE (oiriúnaithe)

### Airteagal 3

~~Central Unit~~  *Struchtúr an chórais agus na bunphrionsabail*

- ~~1. A Central Unit shall be established within the Commission which shall be responsible for operating the central database referred to in Article 1(2)(b) on behalf of the Member States. The Central Unit shall be equipped with a computerised fingerprint recognition system.~~

---

↓ nua

#### 1. Cuimseoidh EURODAC:

(a) bunachar sonraí méarloirg láir ar ríomhaire (Lárchóras) ina mbeidh

– Láraonad,

– Córas Leanúnachais Gnó.

(b) bonneagar cumarsáide idir an Lárchóras agus Ballstáit a sholáthraíonn líonra fíorúil criptithe tiomnaithe do shonraí EURODAC (Bonneagar Cumarsáide).

#### 2. Beidh Pointe Rochtana Náisiúnta aonair ag gach Ballstát.

---

↓ 2725/2000/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

- ~~2.3. Déanfar sonraí ar applicants for asylum dhaoine arna gclúdach ag Airteagal 8 and persons covered by Article 11 6. Airteagal 11 agus Airteagal 14 a phróiseáil sa Unit~~ ⇒ Lárchóras  a phróiseáil thar ceann an Bhallstáit tionscnaimh faoi na coinníollacha atá leagtha amach sa Rialachán seo  agus a scaradh trí mhodhanna teicniúla cú .

---

↓ 2725/2000/CE Airteagal 1(2) an tríú fomhír  
⇒ nua

4. Beidh feidhm leis na rialacha a rialaíonn ~~Eurodac~~ EURODAC freisin i gcás oibríochtaí a dhéanann Ballstáit ó tharchuirtear sonraí chuig an ~~Unit~~ ⇒ Lárchóras ⇐ go dtí go mbaintear úsáid as torthaí na comparáide.

---

↓ 2725/2000/CE Airteagal 4(1) an dara habairt  
⇒ nua

5. Déanfar an nós imeachta maidir le méarloing a thógáil a chinneadh ⇒ agus a chur i bhfeidhm ⇐ i gcomhréir le cleachtas náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann agus i gcomhréir leis na coimircí atá leagtha síos i ⇒ gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, agus ⇐ ~~the European Convention on Human Rights and~~ i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

---

↓ nua

#### Airteagal 4

##### *Bainistíocht oibríochtúil ón Údarás Bainistíochta*

1. Beidh Údarás Bainistíochta, arna mhaoiniú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, freagrach as bainistíocht oibríochtúil EURODAC. Áiritheoidh an tÚdarás Bainistíochta, i gcomhar leis na Ballstáit, go n-úsáidfear an teicneolaíocht is fearr dá bhfuil ar fáil i gcónaí, faoi réir anailíse costais agus tairbhe, i gcomhair an Lárchórais.
2. Beidh an tÚdarás Bainistíochta freagrach freisin as na tascanna a leanas a bhaineann leis an mBonneagar Cumarsáide:
  - (a) maoirseacht;
  - (b) slándáil;
  - (c) comhordú an chaidrimh idir na Ballstáit agus an soláthraí.
3. Beidh an Coimisiún freagrach as gach tasc eile a bhaineann leis an mBonneagar Cumarsáide, go háirithe:
  - (a) tascanna a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid;
  - (b) fáil agus athnuachan;

(c) cúrsaí conarthacha.

4. Sula rachaidh an tÚdarás Bainistíochta i mbun a dhualgas, is é an Coimisiún a bheidh freagrach as na tascanna ar fad a luaitear leis an Údarás Bainistíochta faoin Rialachán seo.
5. Is éard a bheidh i mbainistíocht oibríochtúil EURODAC na tascanna go léir a bheidh riachtanach chun EURODAC a choinneáil ag feidhmiú 24 uair an chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine i gcomhréir leis an Rialachán seo, go háirithe an obair chothabhála agus na forbairtí teicniúla a bheidh riachtanach chun a áirithiú go mbeidh an córas ag feidhmiú ar leibhéal sásúil cáilíochta oibríochtúla, go háirithe maidir leis an méid ama a bheidh de dhíth chun an Lárchóras a cheistiú.
6. Gan dochar d'Airteagal 17 de Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach, cuirfidh an tÚdarás Bainistíochta rialacha iomchuí rúndachta gairmiúla nó oibleagáidí combhionanna rúndachta eile i bhfeidhm maidir lena chomhaltaí foirne ar fad ar gá dóibh oibriú le sonraí EURODAC. Beidh feidhm ag an oibleagáid seo chomh maith tar éis do na comhaltaí foirne sin an oifig nó an fhostaíocht a fhágáil nó tar éis fhoirceannadh a ngníomhaíochtaí.
7. Is é an tÚdarás Bainistíochta dá dtagraítear sa Rialachán seo an tÚdarás Bainistíochta inniúil do SIS II faoi Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid, agus do VIS faoi Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosa (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Ballstáit.

↓ 2725/2000/CE (oiriúnaithe)  
⇒ nua

## Airteagal 5~~2~~

⊗ *Staitisticí* ⊗ ~~Central Unit~~

~~3.~~ Dréachtóidh an ~~Central Unit~~ ⊗ tÚdarás Bainistíochta ⊗ staitisticí maidir le hobair ~~its~~ ⊗ an ⊗ ⊗ Lárchórais ⊗ gach ~~quarter~~ ⇒ mí ⇐, ag tabhairt le fios ⇒ go háirithe ⇐ :

- (a) líon na dtacar sonraí a tharchuirtear i dtaobh na ndaoine dá dtagraítear in Airteagail 6(1), ~~8(1) and 11(1)~~ 11(1) agus 14(1);
- (b) líon na n-amas d'iarratasóirí ar ~~asylum~~ ⇒ chosaint idirnáisiúnta ⇐ a thaisc iarratas ar ~~asylum~~ ⇒ chosaint idirnáisiúnta ⇐ i mBallstát eile;
- (c) líon na n-amas do dhaoine dá dtagraítear in Airteagal ~~8(1)~~ 11(1) a thaisc iarratas ar ~~asylum~~ ⇒ chosaint idirnáisiúnta ⇐ ina dhiaidh sin;

- (d) líon na n-amas do dhaoine dá dtagraítear in Airteagal ~~11(1)~~ 14(1) a thaisc iarratas ar ~~asylum~~ ⇒ chosaint idirnáisiúnta ⇐ i mBallstát eile roimhe seo;
- (e) líon na sonraí méarloirg arbh éigean don ~~Unit~~ ☒ Lárchóras ☒ a iarraidh ~~a second time~~ ⇒ arís agus arís eile ⇐ ón mBallstát tionscnaimh toisc nárbh fhéidir na sonraí méarloirg a tarchuireadh ar dtús a úsáid i gcomhair comparáide ag úsáid an chórais aitheantais méarloirg ar ríomhaireá.

↓ 2725/2000/CE  
⇒ nua

Ag deireadh gach bliana, bunófar sonraí staitisticiúla i bhfoirm tiomsaithe de na staitisticí ⇒ míosúla ⇐ ~~quarterly~~ ~~drawn up since the beginning of Eurodac's activities~~ ⇒ don bhliain sin ⇐, lena n-áirítear tásca ar líon na ndaoine a bhfuil amais taifeadta dóibh faoi (b), (c) agus (d).

Beidh miondealú ar shonraí gach Ballstáit sna staitisticí.

- ~~4. Pursuant to the procedure laid down in Article 23(2), the Central Unit may be charged with carrying out certain other statistical tasks on the basis of the data processed at the Central Unit.~~

↓ 2725/2000/CE (oiriúnaithe)  
⇒ nua

## CAIBIDIL II

### IARRATASÓIRÍ AR ~~ASYLUM~~ ☒ CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA ☒

#### *Airteagal ~~6~~ 4*

##### *Méarloirg a bhailiú, a tharchur agus a chur i gcomparáid*

1. Tógfaidh gach Ballstát go pras méarloirg ó gach uile mhéar an iarratasóra ar ~~asylum~~ ⇒ chosaint idirnáisiúnta ⇐ atá 14 bliana d'aois ar a laghad agus tarchuirfidh sé iad ~~promptly~~ ⇒ a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna shainmhíniú ag Airteagal 20(2) de Rialachán Bhaile Átha Cliath a thaisceadh ⇐ ☒ mar aon leis ☒ na sonraí dá dtagraítear i bpointí ~~(a)~~ (b) go ~~(f)~~ (g) d'Airteagal ~~5(1)~~ 8, chuig an ~~Unit~~ ⇒ Lárchóras ⇐.

---

↓ nua

⇒ Fiú amháin mura gcomhlíontar an teorainn ama 72 uair an chloig tá an oibleagáid fós ar na Ballstáit na méarloirg a thógáil agus a tharchur chuig an Lárchóras. Mura féidir méarloirg a thógáil ar chaighdeán atá oiriúnach chun comparáid chúí a dhéanamh faoi Airteagal 18 den Rialachán seo de bharr riocht bharr na méar, tógfaidh an Ballstát tionscnaimh méarloirg an iarratasóra arís agus cuirfear ar aghaidh arís iad a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná 48 uair an chloig tar éis iad a thógáil i gceart. ⇐

---

↓ 2725/2000/EC

~~(2) The data referred to in Article 5(1) shall be immediately recorded in the central database by the Central Unit, or, provided that the technical conditions for such purposes are met, directly by the Member State of origin.~~

---

↓ nua

2. De mhaolú ar mhír 1, mura féidir méarloirg iarratasóra a thógáil de bharr bearta a glacadh ar mhaithe le sláinte an iarratasóra nó ar mhaithe le cosaint shláinte an phobail, tógfaidh na Ballstáit na méarloirg agus cuirfidh siad ar aghaidh iad a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná 48 uair an chloig tar éis deireadh a bheith curtha leis na bearta sin.

---

↓ 2725/2000/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

3. Déanfar comparáid ⇐ go huathoibríoch ⇐ idir sonraí méarloirg laistigh de bhrí phointe ~~(b)~~ (a) d'Airteagal ~~5(1) 8~~, arna dtarchur ag aon Bhallstát, ~~☒~~ ach amháin na sonraí sin a tarchuireadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 7, ~~☒~~ agus sonraí méarloirg arna dtarchur ag Ballstáit eile agus atá stóráilte cheana féin sa ~~database~~ ⇐ Lárchóras ⇐ .
4. Áiritheoidh an ~~Unit~~ ⇐ Lárchóras ⇐, ar iarratas Ballstáit, go gclúdóidh an chomparáid dá dtagraítear i mír 3 na sonraí méarloirg a tharchuir an Ballstát sin roimhe seo, mar aon leis na sonraí ó Bhallstáit eile.
5. Tarchuirfidh an ~~Unit~~ ⇐ Lárchóras ⇐ an t-amas nó toradh diúltach na comparáide chuig an mBallstát tionscnaimh ~~forthwith~~ ⇐ go huathoibríoch ⇐ . I gcás amas a bheith ann, tarchuirfidh sé, i gcás gach tacar sonraí a chomhfhreagraíonn don amas, na sonraí dá dtagraítear in Airteagal ~~5(1) 8(a)~~ go (⇐ g ⇐), ~~although in the case of the data referred to in Article 5(1)(b), only insofar as they were the basis for the hit~~ ⇐ mar aon leis an marc dá dtagraítear in Airteagal 15(1) nuair is iomchuí sin ⇐.

~~Direct transmission to the Member State of origin of the result of the comparison shall be permissible where the technical conditions for such purpose are met.~~

~~7. The implementing rules setting out the procedures necessary for the application of paragraphs 1 to 6 shall be adopted in accordance with the procedure laid down in Article 22(1).~~

↓ nua

## Airteagal 7

### *Faisnéis faoi stádas an duine is ábhar do na sonraí*

Cuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar aghaidh chuig an Lárchóras d'fhonn í a stóráil i gcomhréir le hAirteagal 9 chun críche a tarchuir faoi Airteagal 6(5):

- (a) Nuair a thagann iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta nó duine eile dá dtagraítear in Airteagal 18(1)(d) de Rialachán Bhaile Átha Cliath i dtír sa Bhallstát freagrach i ndiaidh aistrithe de bhun cinnidh ag glacadh le hiarraidh i dtaobh an duine sin a ghabháil ar ais, faoi mar a thagraítear dó in Airteagal 24 de Rialachán Bhaile Átha Cliath, tabharfaidh an Ballstát freagrach a thacar sonraí, arna thaifeadadh i gcomhréir le hAirteagal 8, a bhaineann leis an duine ábhartha cothrom le dáta tríd a dháta teacht i dtír a chuir leis.
- (b) Nuair a thagann iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta i dtír sa Bhallstát freagrach i ndiaidh aistrithe de bhun cinnidh ag glacadh le hiarraidh é a ghabháil ar láimh faoi mar a thagraítear dó in Airteagal 22 de Rialachán Bhaile Átha Cliath, seolfaidh an Ballstát freagrach tacar sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 8, a bhaineann leis an duine ábhartha agus ina bhfuil an dáta teacht i dtír.
- (c) A luaithe agus is féidir leis an mBallstát tionscnaimh a shuíomh go bhfuil an duine ábhartha ar taifeadadh a shonraí in EURODAC, i gcomhréir le hAirteagal 8, imithe ó chríoch na mBallstát, tabharfaidh sé an tacar sonraí, arna thaifeadadh i gcomhréir le hAirteagal 8, a bhaineann leis an duine ábhartha cothrom le dáta, tríd an dáta ar a d'fhág an duine an chríoch a chur leis d'fhonn cur i bhfeidhm Airteagail 19(2) agus 20(5) de Rialachán Bhaile Átha Cliath a éascú.
1. Áiritheoidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí go ndéantar gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta a bhaineann le EUROPDAC, go háirithe na gníomhaíochtaí a dhéanann an tÚdarás Bainistíochta, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus leis an Rialachán seo. Beidh feidhm ag na dualgais agus ag na cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 46 agus in Airteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 dá réir.
2. Áiritheoidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí go ndéanfar iniúchóireacht ar ghníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta an Údaráis Bhainistíochta i gcomhréir leis na caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta uair gach ceithre bliana ar a laghad. Seolfar tuarascáil ar an iniúchóireacht sin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an Údarás Bainistíochta, chuig an gCoimisiún agus chuig na hÚdaráis Mhaoirseachta Náisiúnta. Tabharfar deis don Údarás Bainistíochta barúlacha a nochtadh sula nglacfar an tuarascáil.

### *Airteagal 27*

#### *Comhoibriú idir na hÚdaráis Mhaoirseachta Náisiúnta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí*

1. Comhoibreoidh na hÚdaráis Mhaoirseachta Náisiúnta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus iad araon ag gníomhú taobh istigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí faoi seach, go gníomhach faoi chuimsiú a bhfreagrachtaí agus déanfaidh siad maoirseacht chomhordaithe EURODAC a áirithiú.
2. Agus iad araon ag feidhmiú laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí féin, malartóidh siad faisnéis ábhartha, cabhróidh siad le chéile chun iniúchtaí agus cigireachtaí a dhéanamh, scrúdóidh siad deacrachtaí maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh siad staidéar ar fhadhbanna le feidhmiú maoirseachta neamhspleáiche nó le feidhmiú chearta na ndaoine is ábhar do na sonraí, dréachtóidh siad tograí comhchuibhithe i gcomhair comhréitigh ar fhadhbanna ar bith agus cuirfidh siad feachtas faoi chearta cosanta sonraí chun cinn, de réir mar is gá.

3. Chuige sin buailfidh na hÚdaráis Mhaoirseachta Náisiúnta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí le chéile faoi dhó sa bhliain, ar a laghad. Is ar chuntas an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí a bheidh costais agus seirbhísiú na gcrúinnithe sin. Glacfar rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú. Déanfar modhanna oibre eile a fhorbairt i gcomhar, de réir mar is gá. Seolfar comhthuarascáil ar ghníomhaíochtaí chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an tÚdarás Bainistíochta gach dara bliain.

↓ 2725/2000/CE (oiriúnaithe)  
⇒ nua

## CAIBIDIL VII

### FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

#### *Airteagal 28 ~~21~~*

##### *Costais*

1. Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a thitfidh na costais a thabhfófar maidir leis an ~~Central Unit~~ ⇒ Lárchóras agus leis an mBonnegar Cumarsáide ⇐ a bhunú agus a oibriú.
2. Is ar gach Ballstát a thitfidh na costais a thabhóidh ~~sonaid~~ ⇒ pointí rochtana ⇐ náisiúnta chomh maith leis na costais a bhainfidh lena nascadh leis an ~~central database~~ ⇒ Lárchóras ⇐ .
- ~~3. The costs of transmission of data from the Member State of origin and of the findings of the comparison to that State shall be borne by the State in question.~~

#### *Airteagal 29 ~~24~~*

##### *Tuarascáil bhliantúil: monatóireacht agus meastóireacht*

1. Seolfaidh an ~~Commission~~ ⇒ tÚdarás Bainistíochta ⇐ tuarascáil bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le gníomhaíochtaí an ~~Unit~~ ⇒ Lárchórais ⇐. Beidh faisnéis sa tuarascáil bhliantúil maidir le bainistíocht agus feidhmíocht ~~Eurodac~~EURODAC i gcoinne táscairí cainníochtúla réamhshainithe na gcuspóirí dá dtagraítear i mír 2.
2. Áiritheoidh an ~~Commission~~ ⇒ tÚdarás Bainistíochta ⇐ go mbeidh ☒ nósanna imeachta ☒ ~~systems~~ ann chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an ~~Unit~~ ⇒ Lárchórais ⇐ de réir a chuspóirí, ☒ maidir le ☒ ~~in terms of~~ haschur, costéifeachtacht agus caighdeán seirbhíse.

3. ~~The Commission shall regularly evaluate the operation of the Central Unit in order to establish whether its objectives have been attained cost-effectively and with a view to providing guidelines for improving the efficiency of future operations.~~
4. ~~One year after Eurodac starts operations, the Commission shall produce an evaluation report on the Central Unit, focusing on the level of demand compared with expectation and on operational and management issues in the light of experience, with a view to identifying possible short-term improvements to operational practice.~~

---

↓ nua

3. Chun críocha na cothabhála teicniúla, tuairiscithe agus staitisticí, beidh rochtain ag an Údarás Bainistíochta ar an bhfaisnéis is gá maidir leis na hoibríochtaí próiseála a dhéanfar sa Lárchóras.
4. Gach dara bliain, cuirfidh an tÚdarás Bainistíochta tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil an Lárchórais, lena n-áirítear a shlándáil, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, faoi bhráid na Comhairle, faoi bhráid an Choimisiúin agus faoi bhráid an Mhaoriseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

---

↓ 2725/2000/CE  
⇒ nua

5. Trí bliana tar éis ~~Eurodac starts operations~~ ⇒ don Rialachán seo teacht i bhfeidhm arna fhoráil in Airteagal 34(2) ⇐ agus gach ~~six~~ ⇒ ceithre ⇐ bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar ~~Eurodac~~EURODAC le chéile, ina ndéanfar scrúdú ar na torthaí a baineadh amach de réir na gcuspóirí a bhí ann, agus measúnú ar bhailíocht leanúnach na bunreásúnachta, agus ar aon impleachtaí d'oibríochtaí amach anseo ⇒ mar aon le haon mholadh is gá ⇐ . ⇒ Tarchuirfidh an Coimisiún an mheastóireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. ⇐

---

↓ nua

6. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá ar fáil don Údarás Bainistíochta agus don Choimisiún chun na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 4 agus i mír 5 a dhréachtú.
7. Soláthróidh an tÚdarás Bainistíochta don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun na meastóireachtaí foriomlána dá dtagraítear i mír 5 a chur ar fáil.
8. Go dtí go mbunaítear an tÚdarás Bainistíochta dá bhforáiltear in Airteagal 4, soláthróidh an Coimisiún tuarascálacha i gcomhréir le míreanna 1 agus 5 amháin.

---

↓ 2725/2000/CE (oiriúnaithe)  
⇒ nua

*Airteagal 30 ~~25~~*

*Pionóis*

Glacfaidh na Ballstáit ~~☒~~ gach beart is gá ~~☒~~ d'fhonn a áirithiú gur inphionósaithe ~~☒~~ gach ~~☒~~ próiseáil a dhéanfar as sonraí ~~recorded~~ ~~☒~~ arna gcur isteach ~~☒~~ sa ~~central database~~ ⇒ Lárchóras ⇐ atá i gcoinne chuspóir ~~Eurodac~~ EURODAC mar atá leagtha síos in Airteagal 1(1), ~~shall be subject to appropriate penalties~~ ~~☒~~ lena n-áirítear pionóis riaracháin agus/nó pionóis choiriúla i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus beidh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach ~~☒~~ .

*Airteagal 31 ~~26~~*

*Raon feidhme críochach*

Ní bheidh feidhm le forálacha an Rialacháin seo i gcás aon chríche nach bhfuil feidhm le ~~Convention~~ ~~☒~~ Rialachán ~~☒~~ Bhaile Átha Cliath inti.

---

↓ nua

*Airteagal 32*

*Foráil idirthréimhseach*

Bainfean an bac de sonraí a gcuirfean bac leo sa Lárchóras i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 ón gComhairle agus marcálfar iad i gcomhréir le hAirteagal 15(1) den Rialachán seo ar an dáta dá bhforáiltear in Airteagal 34(2).

---

↓

*Airteagal 33*

*Aisghairm*

Déantar aisghairm ar Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 ón gComhairle an 11 Nollaig 2000 maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid ar mhaithe le Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus

Rialachán (CE) Uimh. 407/2002 ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 ina leagtar síos rialacha áirithe chun Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 a chur chun feidhme maidir le bunú 'Eurodac' ar mhaithe le Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm go héifeachtach, le héifeacht ón dáta dá bhforáiltear in Airteagal 34(2).

Léifear tagairtí do na Rialacháin aisghairthe i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn III.

↓ 2725/2000/CE Airteagal 27  
(oiriúnaithe)  
⇒ nua

*Airteagal 34 ~~27~~*

*Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht*

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an  fichiú  lá  tar éis  a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an ~~Communities~~  Aontais  Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm leis an Rialachán seo, ~~and Eurodac shall start operations,~~ ón dáta a bhfoilseoidh an Coimisiún é in *Iris Oifigiúil an ~~Communities~~  Aontais  Eorpaigh*, tráth a gcomhlíonfar na coinníollacha a leanas:
  - (a) cuirfidh gach Ballstát in iúl don Choimisiún go bhfuil na socrúithe teicniúla is gá déanta aige chun na sonraí a tharchur chuig an ~~Unit~~  Lárchóras  i gcomhréir leis  an Rialachán seo  ~~the implementing rules adopted under Article 4(7) and to comply with the implementing rules adopted under Article 12(5);~~ agus
  - (b) tá na socrúithe teicniúla is gá déanta ag an gCoimisiún a ligfidh don ~~Unit~~  Lárchóras  tús a chur le hoibríochtaí i gcomhréir leis  an Rialachán seo  ~~the implementing rules adopted under Article 4(7) and Article 12(5);~~

↓ nua

3. Cuirfidh Ballstáit an Coimisiún ar an eolas chomh luath agus atá na socrúithe dá dtagraítear i mír 2(a) déanta, agus in aon chor tráth nach déanaí ná 12 mhí ón dáta a dtagann an Rialachán seo i bhfeidhm.
4. Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa,  
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle,  
An tUachtarán*

---

↓ 407/2002/CE

⇒ nua

### **Iarscríbhinn I**

#### **Formáid sonraí chun sonraí méarloirg a mhalartú**

Forordaítear an fhormaid seo a leanas chun sonraí méarloirg a mhalartú:

~~ANSI/NIST - CSL 1-1993~~ ⇒ ANSI/NIST-ITL 1a-1997, Leagan 3, Meitheamh 2001 (INT-1) ⇐ agus aon fhorbairtí ar an gcaighdeán seo amach anseo.

#### **An norm do litreacha aitheantais na mBallstát**

Beidh feidhm leis an norm ISO a leanas: ISO 3166 - cód 2 litir.

**IARSCRIBHINN II**

**Eurodac - Fingerprint form**

1.	Reference number	
2.	Place of the application for asylum or place where the alien was apprehended	
3.	Date of the application for asylum or date on which the alien was apprehended	
4.	Sex	
5.	Date on which the fingerprints were taken	
6.	Date on which the data were transmitted to the Central Unit	

105 mm from top of form  
155 mm from top of form  
205 mm from top of form

**ROLLED IMPRESSIONS**

<b>ROLLED IMPRESSIONS</b>				
1. Right thumb	2. Right forefinger	3. Right middle finger	4. Right ring finger	5. Right little finger
50 mm	40 mm	40 mm	40 mm	40 mm
40 mm				40 mm
6. Left thumb	7. Left forefinger	8. Left middle finger	9. Left ring finger	10. Left little finger
40 mm				

**PLAIN IMPRESSIONS**

<b>LEFT HAND</b> Four fingers taken simultaneously 75 mm 65 mm	<b>TWO THUMBS</b> Impressions taken simultaneously		<b>RIGHT HAND</b> Four fingers taken simultaneously 75 mm
	LEFT	RIGHT	
	30 mm	30 mm	
	55 mm		



**IARSCRÍBHINN II**  
**Rialacháin arna nAisghairm**  
**(dá dtagraítear in Airteagal 33)**

Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 ón gComhairle (IO L 316, 15.12.2000, lch 1.)

Rialachán (CE) Uimh. 407/2002 ón gComhairle (IO L 62, 5.3.2002, lch 1.)

**IARSCRÍBHINN III**  
**Tábla comhghaoil**

<b>Rialachán 2725/2000/CE</b>	<b>An Rialachán seo</b>
Airteagal 1(1)	Airteagal 1(1)
Airteagal 1(2), an chéad fomhír	Airteagal 4(1)
Airteagal 1(2), an dara fomhír	Airteagal 4(4)
Airteagal 1(2), an triú fomhír	Airteagal 3(4)
Airteagal 1(3)	Airteagal 1(2)
Airteagal 3(1)	Scríosta
Airteagal 2	Airteagal 2
Airteagal 3(2)	Airteagal 5(3)
Airteagal 3(3)	Airteagal 5
Airteagal 3(4)	Scríosta
Airteagal 4(1)	Airteagal 6(1), 3(5)
Airteagal 4(2)	Scríosta
Airteagal 4(3)	Airteagal 6(3)
Airteagal 4(4)	Airteagal 6(4)
Airteagal 4(5)	Airteagal 6(5)
Airteagal 4(6)	Airteagal 19(4)
Airteagal 5	Airteagal 8
Airteagal 6	Airteagal 9
Airteagal 7	Airteagal 10
Airteagal 8	Airteagal 11
Airteagal 9	Airteagal 12
Airteagal 10	Airteagal 13

Airteagal 11(1)-(4)	Airteagal 14(1)-(4)
Airteagal 11(5)	Scríosta
Airteagal 12	Airteagal 15
Airteagal 13	Airteagal 16
Airteagal 14	Airteagal 20
Airteagal 15	Airteagal 21
Airteagal 16	Airteagal 22
Airteagal 17	Airteagal 23
Airteagal 18	Airteagal 24
Airteagal 19	Airteagal 25
Airteagal 20	--
Airteagal 21	Airteagal 28
Airteagal 22	Scríosta
Airteagal 23	Scríosta
Airteagal 24	Airteagal 29
Airteagal 25	Airteagal 30
Airteagal 26	Airteagal 31
Airteagal 27	Airteagal 34
-	Iarscríbhinn II

Rialachán 407/2002/CE	An Rialachán seo
Airteagal 2	Airteagal 17
Airteagal 3	Airteagal 18
Airteagal 4	Airteagal 19
Airteagal 5(1)	Airteagal 3(2)
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn I
Iarscríbhinn II	-

## **RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH**

### **1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/AN TIONSCNAIMH**

#### **1.1. Teideal an togra/an tionscnaimh**

Togra leasaithe le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Rialachán (CE) Uimh. [...] a chur i bhfeidhm go héifeachtach lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó duine gan stát.

#### **1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB**

Réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais (teideal 18)

Sreafaí imirce – Comhbheartais imirce agus tearmainn (caibidil 18.03)

#### **1.3. An cineál togra/tionscnaimh**

Baineann an togra leis an ngníomhaíocht reatha a shíneadh, i.e. le leasú an Rialacháin lena mbunaítear bunachar sonraí EURODAC.

#### **1.4. Cuspóirí**

Is iad na heilimintí a choinnítear sa togra seo ón togra roimhe seo [COIM(2009) 342 leagan deireanach] na feabhsuithe ar an gcóras maidir le feidhmiúlachtaí nua atá dírithe ar thearmann agus, ag an am céanna, scriostar feidhmiúlacht na gcuardach a bhaineann le forghníomhú an dlí atá beartaithe sa togra céanna.

Tugtar meastachán costas EUR 230,000 sa ráiteas airgeadais seo in áit an EUR 2,415,000 a iarradh i dtogra 2009 a luaitear thuas.

Ní dhéileáiltear sa ráiteas airgeadais reachtach seo ach leis na costais dá ndéantar foráil maidir leis na hathruithe a thugann an leasú seo isteach, agus dá bhrí sin ní dhéileálann sé leis na costais rialta a bhaineann le EURODAC a bhainistiú.

#### **1.5. Na forais leis an togra/an tionscnaimh**

Réiteach a bheidh sa togra seo ar na saincheistanna a raibh feabhas ag teastáil orthu le linn na gcúig bliana ina raibh an bunachar sonraí atá ann cheana ag feidhmiú. Dréachtaíodh é agus é go hiomlán comhleanúnach leis an togra athmhúnlaite ar Rialachán Bhaile Átha Cliath<sup>23</sup>.

<sup>23</sup>

Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát, COIM(2008) 820.

## **1.6. Fad agus tionchar airgeadais**

Tá sé beartaithe go nglacfar an Rialachán faoi dheireadh 2011 ar feadh tréimhse neamhchinntithe.

Tionchar airgeadais ó 2011 go 2012.

## **1.7. Modh(anna) bainistithe atá beartaithe**

Bainistiú láraithe ag an gCoimisiún go díreach. Tar éis tréimhse eatramhaí, táthar ag súil go n-aistreofar bainistiú oibríochtúil EURODAC chuig Gníomhaireacht atá freagrach as SIS II, VIS agus as córais TF eile i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. Maidir le bunú na Gníomhaireachta sin, chuir an Coimisiún togra ar leithligh isteach, a rinne measúnú ar na costais ábhartha.

## **2. BEARTA BAINISTITHE**

### **2.1. Rialacha monatóireachta agus tuairiscithe**

Is faoi chuimsiú na dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí Aonad Lárnach EURODAC a dhéanfar monatóireacht ar éifeachtúlacht na n-athruithe a thugtar isteach leis an togra seo.

Is é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a dhéanfaidh monatóireacht ar shaincheisteanna cosanta sonraí.

### **2.2. Córas bainistithe agus rialaithe**

Táthar ag súil go n-aistreofar bainistiú oibríochtúil EURODAC (atá faoi láthair faoi bhainistiú láraithe ag an gCoimisiún go díreach) chuig Gníomhaireacht atá freagrach as SIS II, VIS agus as córais TF eile i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. Maidir le bunú na Gníomhaireachta sin, chuir an Coimisiún togra ar leithligh isteach, ina ndearnadh measúnú ar na costais ábhartha<sup>24</sup>.

### **2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

D'fhonn cur i gcoinne calaoise, éilithe agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, beidh feidhm ag forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1037/1999 gan srian maidir leis an nGníomhaireacht atá freagrach as EURODAC a bhainistiú (a luaithe is a bhunaítear í ar bhonn an togra leasaithe le haghaidh Rialachán (AE) Uimh. .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Gníomhaireacht le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórsála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, COIM(2010) 93).

<sup>24</sup>

Glacadh an togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Gníomhaireacht le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórsála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais [COIM (2009) 293 leagan deireanach] an 24 Meitheamh 2009. Glacadh togra leasaithe an 19 Márta 2010: Togra leasaithe le haghaidh Rialachán (EU) Uimh. .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Gníomhaireacht le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórsála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, COIM (2010) 93.

### **3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

#### **3.1. Ceannteideal/ceanteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne/na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar**

Creat airgeadais 2007-2013: Ceannteideal 3A

Líne Buiséid: 18.03.11 – Eurodac

#### **3.2. An tionchar a mheastar ar chaiteachas**

##### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar ar chaiteachas*

An tionchar iomlán a mheastar ar chaiteachas: EUR 293,000

##### *3.2.2. An tionchar a mheastar ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí*

Is é EUR 230,000 an tionchar iomlán ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí.

##### *3.2.3. An tionchar a mheastar ar leithreasaí de chineál riaracháin*

Is é EUR 63,000 an tionchar iomlán ar leithreasaí de chineál riaracháin

##### *3.2.4. Comhoiriúnacht leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

Tá an togra/an tionscnamh comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

##### *3.2.5. Rannpháirteachas tríú páirtí sa mhaoiniú*

Ní dhéantar foráil sa togra do chómmaoiniú ag tríú páirtithe.

#### **3.3. An tionchar a mheastar ar ioncam**

Táthar ag súil le tionchar ar luach EUR 29,000 ó ranníocaíochtaí NO, IS agus CH.

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH LE hAGHAIDH TOGRAÍ

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/AN TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/an tionscnaimh

Togra leasaithe le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú 'EURODAC' chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Rialachán (CE) Uimh. [...] a chur i bhfeidhm go héifeachtach lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó duine gan stát<sup>25</sup>.

#### 1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB<sup>26</sup>

Réimse Beartais: Réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais (teideal 18)

Sreafaí imirce – Comhbheartais imirce agus tearmainn (caibidil 18.03)

#### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

Baineann an togra/tionscnamh le gníomhaíocht nua

Baineann an togra/tionscnamh le gníomhaíocht nua tar éis treoirthionscadail/réamhghníomhaíochta<sup>27</sup>

Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar ghníomhaíocht atá ann cheana**

Baineann an togra/tionscnamh le gníomhaíocht a atreoraíodh i dtreo gníomhaíochta nua

#### 1.4. Cuspóirí

##### 1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe

Níl sé infheidhme.

##### 1.4.2. Cuspóir sonrach nó cuspóirí sonracha agus an ghníomhaíocht na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Uimh. an chuspóra shonraigh.

Cuidiú chun an Comhchóras Eorpaigh Tearmainn a chur i gcrích trí chomhchaighdeáin níos airde cosanta a ghlacadh, trí thacú le comhar praiticiúil agus trí dhlúthpháirtíocht a mhéadú

<sup>25</sup> Ní dhéileáiltear sa ráiteas airgeadais reactach seo ach leis na costais dá ndéantar foráil maidir leis na hathruithe a thugann an leasú seo isteach, agus dá bhrí sin ní dhéileálann sé leis na costais rialta a bhaineann le EURODAC a bhainistiú.

<sup>26</sup> ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí – ABB: Bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí.

<sup>27</sup> Dá dtagraítear in Airteagal 49(6)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

laistigh den AE agus idir an AE agus tríú tíortha le tacaíocht ón gCiste Eorpach um Dhídeanaithe.

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

18 03 : Sreafaí imirce – Comhbheartais imirce agus tearmainn.

### 1.4.3. *An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis*

*Sonraigh an tionchar ba cheart a bheith ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Is iad na heilimintí a choinnítear sa togra seo ón togra roimhe seo [COIM(2009) 342 leagan deireanach] na feabhsuithe ar an gcóras maidir le feidhmiúlachtaí nua atá dírithe ar thearmann agus, ag an am céanna, scriostar feidhmiúlacht na gcuardach a bhaineann le forghníomhú an dlí atá beartaithe sa togra céanna. Tagann an meastachán costas EUR 230,000 in ionad an meastachán EUR 2,415,000 a iarradh i dtogra 2009.

Déanfaidh an togra sonraí na ndaoine is ábhar do na sonraí a bhainistiú agus a chosaint níos fearr agus éascóidh sé freisin nósanna imeachta na mBallstát chun a chinneadh cé acu an Ballstát atá freagrach as éileamh ar thearmann a mheasúnú.

### 1.4.4. *Táscairí a léiríonn toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí a léiríonn monatóireacht ar chur chun feidhme an togra/an tionscnaimh.*

Is iad príomhchuspóirí an togra, éifeachtúlacht EURODAC a fheabhsú agus díriú níos fearr ar ábhair inní faoi chosaint sonraí. Táscairí a bheadh sna staitisticí ar oibríocht EURODAC, e.g. staitisticí maidir le hamais nár aimsíodh, amais mhíchearta, moill ar tharchur, etc.

## 1.5. **Na forais leis an togra/an tionscnamh**

### 1.5.1. *Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

D'fhonn na Ballstáit a chur ar an eolas faoi stádas na n-iarrthóirí sin ar deonaíodh cosaint idirnáisiúnta orthu cheana féin i mBallstát, *ba cheart sonraí ar dhídeanaithe a dhíbhlocáil* (i.e. a chur ar fáil le haghaidh cuardaithe).

D'fhonn cur i bhfeidhm Rialachán Bhaile Átha Cliath a éascú ar bhealach níos fearr, beidh sé de cheangal ar na Ballstáit *a léiriú in EURODAC go gcuireann siad na clásail cheannasachta nó dhaonnúla i bhfeidhm* dá bhforáiltear leis an Rialachán sin, i.e. freagracht a ghlacadh i dtaobh measúnú a dhéanamh ar éileamh iarrthóra ar iarrthóir é nach mbeadh siad freagrach as de ghnáth faoi chritéir Rialachán Bhaile Átha Cliath.

D'fhonn *comhsheasmhacht a áirithiú leis an acquis tearmainn*, tá sé beartaithe raon feidhme an Rialacháin a leathnú chun cosaint choimhdeach a chumhdach.

D'fhonn *comhsheasmhacht a áirithiú leis an acquis tearmainn*, tá sé beartaithe an tréimhse stórála sonraí a bhaineann le náisiúnaigh tríú tíortha nó le daoine gan stát a nglactar a gcuid méarloirg i ndáil le teorainn sheachtrach a thrasnú go mírialta, a ailíniú leis an tréimhse sula leithdháiltear le hAirteagal 10(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath freagracht ar bhonn na faisnéise sin (i.e. bliain amháin).

Bunaithe ar thorthaí na n-idirbheartaíochtaí sa Chomhairle, tugadh Airteagal nua isteach d'fhonn faisnéis a sholáthar do Bhallstáit ar stádas an duine is ábhar do na sonraí (iarrthóirí tearmainn nó duine a thagann isteach ar bhealach mírialta). Déantar foráil san Airteagal sin go gcuirfead Ballstáit ar an eolas freisin, maidir le duine áirithe a bhfuil a shonraí stóráilte sa bhunachar sonraí, gur aistríodh an duine sin tar éis nós imeachta um ghabháil ar lámh Bhaile

Átha Cliath, nó gur fhág sé críoch na mBallstát, go deonach nó i ngeall ar chinneadh maidir le filleadh nó ordú aistrithe.

**1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE**

Réiteach a bheidh sa togra seo ar na saincheisteanna a raibh feabhas ag teastáil orthu le linn na gcúig bliana ina raibh an bunachar sonraí atá ann cheana ag feidhmiú.

**1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil roimhe seo**

Níl sé infheidhme.

**1.5.4. Comhchuibheas agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí ábhartha eile**

Dréachtaíodh an togra seo agus é go hiomlán comhleanúnach leis an togra athmhúnlaithé ar Rialachán Bhaile Átha Cliath<sup>28</sup>.

<sup>28</sup>

Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stat, COIM(2008) 820.

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais

Togra/tionscnamh d'**fhad teoranta**

- Togra/tionscnamh i bhfeidhm ón [DD/MM] YYYY go [DD/MM] YYYY
- Tionchar airgeadais ó YYYY go YYYY

Togra/tionscnamh d'**fhad neamhtheoranta**

- Cur chun feidhme le tréimhse dúisithe ó 2011 go 2012,
- agus oibríocht iomlán ina dhiaidh sin.

## 1.7. Modh(anna) bainistithe atá beartaithe<sup>29</sup>

**Bainistiú láraithe ag an gCoimisiún go díreach**

**Bainistiú láraithe indíreach** trí na cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig:

- gníomhaireachtaí feidhmiúcháin
- comhlachtaí arna mbunú ag na Comhphobail<sup>30</sup>
- comhlachtaí náisiúnta san earnáil phoiblí/comhlachtaí a bhfuil misean de sheirbhís phoiblí acu
- daoine a bhfuil sé de chúram orthu gníomhartha ar leith a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus atá sainaitheanta sa ghníomh bunaidh ábhartha de réir bhrí Airteagal 49 den Rialachán Airgeadais

**Bainistiú comhpháirteach** leis na Ballstáit

**Bainistiú díláraithe** le tríú tíortha

**Comhbhainistiú** le heagraíochtaí idirnáisiúnta

Nótaí

Táthar ag súil go n-aistreofar bainistiú oibríochtúil EURODAC chuig Gníomhaireacht atá freagrach as SIS II, VIS agus as córais TF eile i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. Maidir le bunú na Gníomhaireachta sin, chuir an Coimisiún togra ar leithligh isteach, ina ndearnadh measúnú ar na costais ábhartha<sup>31</sup>.

<sup>29</sup> Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Budg: [http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag\\_en.html](http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html)

<sup>30</sup> Dá dtagraítear in Airteagal 185 den Rialachán Airgeadais.

<sup>31</sup> COIM(2010)93.

## **2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

### **2.1. Rialacha monatóireachta agus tuairiscithe**

*Sonraigh cé chomh minic agus na coinníollacha.*

Is faoi chuimsiú na dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí Aonad Lárnach EURODAC a dhéanfar monatóireacht ar éifeachtúlacht na n-athruithe a thugtar isteach leis an togra seo. Is é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a dhéanfaidh monatóireacht ar shaincheisteanna cosanta sonraí.

### **2.2. Córas bainistithe agus rialaithe**

#### **2.2.1. *An riosca/na rioscaí a aithníodh***

Mura ndéantar leasuithe tábhachtacha ar an Rialachán atá i bhfeidhm, féadfar baint ó éifeachtúlacht EURODAC agus ón ról atá aige tacú le cur chun feidhme Rialachán Bhaile Átha Cliath. Riosca suntasach a bheadh ann freisin mura bhféadfaí coimeád suas leis na hathruithe ar an *acquis* tearmainn agus cosanta sonraí.

#### **2.2.2. *Modh(anna) rialaithe atá beartaithe***

Táscairí a bheidh sna staitisticí ar oibríocht EURODAC, e.g. staitisticí maidir le hamais nár aimsíodh, amais mhíchearta, moill ar tharchur, etc.

### **2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

D'fhonn cur i gcoinne calaoise, éilithe agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, beidh feidhm ag forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1037/1999 gan srian maidir leis an nGníomhaireacht atá freagrach as EURODAC a bhainistiú (a luaithe is a bhunaítear í ar bhonn an togra leasaithe le haghaidh Rialachán (AE) Uimh. .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Gníomhaireacht le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, COIM(2010) 93).

### 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

#### 3.1. Ceannteideal/ceanteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne/na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

- Línte buiséid don chaiteachas reatha

In ord cheanteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir [Cur síos.....]	LD /LN <sup>(32)</sup>	ó thíortha an CSTE <sup>33</sup>	ó thíortha is iarrthóirí <sup>34</sup>	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais
3A	18.03.11 Eurodac	LD	NÍL	NÍL	TÁ	NÍL

- Línte nua buiséid iarrtha

In ord cheanteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir [Ceannteideal.....]	LN	ó thíortha an CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais
[...]	[XX.YY.YY.YY] [...]	[...]	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

<sup>32</sup> LD = Leithreasaí difreáilte / LN = Leithreasaí neamhdhifreáilte

<sup>33</sup> CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa

<sup>34</sup> Tíortha is iarrthóirí agus, **nuair** is iomchuí, tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí **ó na Balcáin Thiar**.

### 3.2. An tionchar a mheastar ar chaiteachas

#### 3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar ar chaiteachas

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

<b>Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:</b>	Uimhir	[Ceannteideal 3A.....]
---	--------	------------------------

Ard-Stiúrthóireacht: <Gnóthaí Baile>			Bliain N <sup>35</sup>	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	... cuir isteach a mhéid blianta a bhfuil gá leo chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)			<b>IOMLÁN</b>
• Leithreasáí faoi chomhair oibríochtaí										
Uimhir an líne buiséid 18 03 11	Oibleagáidí	(1)	0.230	0.000	0.000	0.000				<b>0.230</b>
	Íocaíochtaí	(2)	0.046	0.184	0.000	0.000				<b>0.230</b>
Uimhir an líne buiséid 18 03 11	Oibleagáidí	(1a)								
	Íocaíochtaí	(2a)								
Leithreasáí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach na gclár sonrach <sup>36</sup>										
Uimhir an líne buiséid		(3)								
<b>IOMLÁN leithreasáí d'Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Baile</b>	Oibleagáidí	=1+1a +3	0.230	0.000	0.000	0.000				<b>0.230</b>
	Íocaíochtaí	=2+2a +3	0.046	0.184	0.000	0.000				<b>0.230</b>

<sup>35</sup> Is í Bliain N an bhliain ina gcuirtear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

<sup>36</sup> Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir AE agus/nó gníomhaíochtaí (seanlínte 'BA'), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

• IOMLÁN leithreasáí faoi chomhair oibríochtaí	Oibleagáidí	(4)	0.230	0.000	0.000	0.000					<b>0.230</b>
	Íocaíochtaí	(5)	0.046	0.184	0.000	0.000					<b>0.230</b>
• IOMLÁN leithreasáí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach na gelár sonrath		(6)									
<b>IOMLÁN leithreasáí faoi CHEANNTIDEAL &lt;3A&gt;</b> den chreat airgeadais ilbhliantúil	Oibleagáidí	=4+ 6	0.230	0.000	0.000	0.000					<b>0.230</b>
	Íocaíochtaí	=5+ 6	0.046	0.184	0.000	0.000					<b>0.230</b>

**I gcás ina mbeidh feidhm ag an togra/tioncscnamh maidir le níos mó ná ceanteideal amháin:**

• IOMLÁN leithreasáí faoi chomhair oibríochtaí	Oibleagáidí	(4)									
	Íocaíochtaí	(5)									
• IOMLÁN leithreasáí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach na gelár sonrath		(6)									
<b>IOMLÁN leithreasáí faoi CHEANNTIDIL 1 go 4</b> den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Oibleagáidí	=4+ 6									
	Íocaíochtaí	=5+ 6									

<b>Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:</b>	<b>5</b>	'Caiteachas riaracháin '
---	----------	--------------------------

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	... cuir isteach a mhéid blianta a bhfuil gá leo chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
Ard-Stiúrthóireacht: <Gnóthaí Baile>									
• Acmhainní daonna		0.061	0.000	0.000	0.000				<b>0.061</b>
• Caiteachas riaracháin eile		<b>0.002</b>	<b>0.000</b>	<b>0.000</b>	<b>0.000</b>				<b>0.002</b>
IOMLÁN d'Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Baile	Leithreasáí	0.063	0.000	0.000	0.000				<b>0.063</b>

<b>IOMLÁN leithreasáí faoi CHEANNTÉIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil</b>	(Iomlán oibleagáidí = Iomlán íocaíochtaí)	0.063	0.000	0.000	0.000				<b>0.063</b>
---	---	-------	-------	-------	-------	--	--	--	--------------

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

		Bliain N <sup>37</sup>	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	... cuir isteach a mhéid blianta a bhfuil gá leo chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
<b>IOMLÁN leithreasáí</b>	Oibleagáidí	0.293	0.000	0.000	0.000				<b>0.293</b>

<sup>37</sup> Is í Bliain N an bhliain ina gcuirtear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

<b>faoi CHEANNTÉIDIL 1 go 5</b> den chreat airgeadais ilbhliantúil	Íocaíochtaí	0.109	0.184	0.000	0.000				<b>0.293</b>
---	-------------	-------	-------	-------	-------	--	--	--	--------------

### 3.2.2. An tionchar a mheastar ar leithreasáí faoi chomhair oibríochtaí

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasáí faoi chomhair oibríochtaí
- Éilíonn an togra/an tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasáí faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí in EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

Léirigh cuspóirí agus aschuir	OUTPUTS															IOMLÁN		
			Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	... cuir isteach a mhéid blianta a bhfuil gá leo chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)											
↓	Saghas aschuir <sup>38</sup>	Meán chostas an aschuir	Líon na n- aschuir	Costas	Líon na n- aschuir	Costas	Líon na n- aschuir	Costas	Líon na n- aschuir	Costas	Líon na n- aschuir	Costas	Líon na n- aschuir	Costas	Líon na n- aschuir	Costas	Líon na n- aschuir	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 <sup>39</sup>																		
- Aschur	Feidh			0.230		0.000		0.000		0.000								0.230
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán le haghaidh chuspóir sonrach Uimh.1				0.230		0.000		0.000		0.000								0.230
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán le haghaidh chuspóir sonrach Uimh.2																		

<sup>38</sup> Is iad aschuir na táirgí agus na seirbhísí atá le soláthar (e.g. líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, fad na mbóithre, i gciliméadair, a tógadh, etc.).  
<sup>39</sup> Mar a thuairiscítear i Roinn 1.4.2. 'Cuspóir(i) sonracha...'

<b>COSTAS IOMLÁN</b>		0.230		0.000		0.000		0.000								0.230
----------------------	--	-------	--	-------	--	-------	--	-------	--	--	--	--	--	--	--	-------

### 3.2.3. An tionchar a mheastar ar leithreasáí de chineál riaracháin

#### 3.2.3.1. Achoimre

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasáí riaracháin
- Éilíonn an togra/an tionscnamh go n-úsáidfear leithreasáí riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí an 3ú deachtúil)

	Bliain N <sup>40</sup>	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	... cuir isteach a mhéid blianta a bhfuil gá leo chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)	<b>IOMLÁN</b>
--	---------------------------	---------------	---------------	---------------	--	---------------

<b>CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil</b>							
Acmhainní daonna	0.061	0.000	0.000	0.000			<b>0.061</b>
Caiteachas riaracháin eile	0.002	0.000	0.000	0.000			<b>0.002</b>
<b>Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil</b>	<b>0.063</b>	<b>0.000</b>	<b>0.000</b>	<b>0.000</b>			<b>0.063</b>

<b>Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5<sup>41</sup> den chreat airgeadais ilbhliantúil</b>							
Acmhainní daonna							
Caiteachas eile de chineál riaracháin							
<b>Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil</b>							

<b>IOMLÁN</b>	<b>0.063</b>	<b>0.000</b>	<b>0.000</b>	<b>0.000</b>			<b>0.063</b>
---------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--	--	--------------

<sup>40</sup> Is í Bliain N an bhliain ina gcuirtear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

<sup>41</sup> Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir AE agus/nó gníomhaíochtaí (seanlínte 'BA'), taighde indéach, taighde díreach a chur chun feidhme.

### 3.2.3.2. Riachtanais a mheastar in acmhainní daonna

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna
- Éilíonn an togra/an tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí an chéad deachúil ar a mhéid)*

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	... cuir isteach a blianta a bhfuil chun fad an tion léiriú (féach poi	
Ion phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)						
<b>XX 01 01 01 (Ceancheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)</b>	<b>0.5</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>		
<b>XX 01 01 02 (Toscaireachtaí)</b>						
<b>XX 01 05 01 (Taighde indíreach)</b>						
<b>10 01 05 01 (Taighde díreach)</b>						
• Pearsanra seachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE) <sup>42</sup>						
<b>XX 01 02 01 (GC, INT, SNI ón 'glúdach domhanda')</b>						
<b>XX 01 02 02 (GC, INT, JED, GA agus SNI sna toscaireachtaí)</b>						
XX 01 04 <sup>yy</sup> <sup>43</sup>	<b>- ag an gCeancheathrú<sup>44</sup></b>					
	<b>- i dtoscaireachtaí</b>					
<b>XX 01 05 02 (GA, INT, SNI – Taighde indíreach)</b>						
<b>10 01 05 02 (GA, INT, SNI – Taighde indíreach)</b>						
<b>Línte buiséid eile (sonraigh)</b>						
<b>IOMLÁN</b>	<b>0.5</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>		

Is é XX an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Sásófar na riachtanais acmhainní daonna atá ag teastáil le foireann ón Ardstiúrthóireacht a bhfuil bainistiú na gníomhaíochta faoina cúram cheana féin agus/nó atá ath-implonaithe taobh istigh den Ardstiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a

<sup>42</sup> GC= Gníomhaire ar Conradh; INT= foireann na gníomhaireachta ('Intérimaire'); JED= 'Jeune Expert en Délégation' (Saineolaithe Óga i dToscaireachtaí); GA= Gníomhaire Áitiúil; SNI= Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht;

<sup>43</sup> Faoin teorainn le haghaidh pearsanra sheachtraigh ó leithreasáí faoi chomhair oibríochtaí (seanlínte 'BA').

<sup>44</sup> Go bunúsach le haghaidh Cistí Struchtúracha, an Chiste Eorpaigh Talmaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Chiste Eorpaigh Iascaigh.

thabhairt don Ardstiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus gníomhairí sealadacha	Soláthar na bhfeidhmiúlachtaí breise a ullmhú agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcur chun feidhme lena n-áirítear tástáil leis na Ballstáit.
Pearsanra seachtrach	

### 3.2.4. *Comhoiriúnacht leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

- Tá an togra/an tionscnamh comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha.
- Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo sa chreat airgeadais ilbhliantúil.

Míniú a thabhairt ar an athchlárú a bheidh ag teastáil, ag sonrú na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

[...]

- Éilíonn an togra/an tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil<sup>45</sup>.

Míniú a thabhairt ar a mbeidh ag teastáil, ag sonrú na gceannteideal agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

[...]

### 3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

- Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh do chómhaoiniú ag tríú páirtithe
- Déantar foráil sa togra/tionscnamh don chómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasáil in EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	... cuir isteach a mhéid blianta a bhfuil gá leo chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)			Iomlán
<i>Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe</i>								
<b>IOMLÁN</b> leithreasáil cómhaoinithe								

<sup>45</sup> Féach pointí 19 agus 24 den Chomhaontú Idirinstitiúideach.

### 3.3. An tionchar a mheastar ar ioncam

- Níl impleachtaí airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam
- Tá an tionchar airgeadais a leanas ag an togra/tionscnamh:
  - ar a acmhainní féin
  - ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasáí atá ar fáil don chleachtadh leanúnach buiséid	Tionchar an togra/an tionscnaimh <sup>46</sup>						
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	... cuir isteach a mhéid colún a bhfuil gá leo chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)		
Airteagal 6312		0.000	0.006	0.023	0.000			

Maidir leis an ioncam sannta ilghnéitheach, sonraigh an líne/na línte caiteachais buiséid lena mbaineann.

[Líne ioncaim 6312]

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

[Rannchuidíonn NO, IS agus CH iomlán de 12.381% de na híocaíochtaí a dhéantar le linn bliana áirithe]

<sup>46</sup> Maidir le hacmhainní ar acmhainní féin iad go traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór gur méideanna glana iad na méideanna a luaitear, i.e méideanna comhlána tar éis 25% a bhaint le haghaidh costas bailiúcháin.